
# Guth Ghoill

**Luach €2**




*Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.*
Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

©
Céim Aniar,
Áras Ros Goill,
Na Dúnaibh,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.
074 9154830
ceimaniar@eircom.net

## An Clár

Bliain Mhór ag CLG na nDúnaibh 2
Oíche Shamhna i Ros Goill 1955 8
Seanchas le Seán ó hEochaidh 10
Muintír Mhícheáil (Clann Mhic Pháidín) 13
Bó a raibh Gaeilge aici 32
Féile Chéim Aniar 2016 34
Dán Nollag le Pádraig Mac Piarais 36

# Bliain Mhór ag CLG Na nDúnaibh

Ba seo an bhliain ab fhearr a bhí ag CLG Na nDúnaibh ar an pháirc peile le fada an lá. Deireadh seachtaine na Cincíse bhain siad Comórtas Peile Náisiúnta na Gaeltachta thíos i mBaile Mhúirne i gCo Chorcaigh. Ba mhór an ócáid a bhí ansin dar ndóigh agus rinneadh ceiliúradh mór. Rinne muid cur síos ar an chomórtas sin in eagrán eile de Ghuth Ghoill.

Ansin i mí Dheireadh Fómhair bhí lá mór eile ag bunadh Ros Goill ar Pháric Uí Dhomhnaill i Leitir Ceanainn nuair a bhí an bhuaidh acu i gcraobh Sóisir na Contae 2016 A agus B. Agus lena chois sin chuaigh siad go dtí an cluiche leathcheannais i gcomórtas Sóisir idirchlubanna Chúige Uladh.

Agus ma bhí bliain mhór ag na fir bhí bliain mhór ag girseachaí óga an chumainn fosta. Bhain siad Craobh na Contae Faoi-16 C agus Faoi-14 B agus shroich siad an cluiche ceannais Faoi -13 A. Éacht gan amhras.

Is cinnte gur ócáid mhór don phobal é seo ar fad, go háirithe do na teaghlaigh a mbíonn cuid dá gclann ag imirt. Spreagann a leithéidí seo an pobal agus cothaíonn sé misneach agus dóchas.

## Cluiche Ceannais Sóisir B

### Na Dúnaibh 2-8 Gaeil Leitir Ceanainn 0-9



An fhoireann a bhain Craobh Sóisir B na Contae

Thosaigh an lá mór sin i Leitir Ceanainn le cluiche ceannais Sóisear B agus leis an fhírinne a rá bhí na Dúnaibh i bhfad róláidir do na Gaeil agus bhí siad un tosaigh ag leatham: Na Dúnaibh 1—5 Na Gaeil 0—2. Cé go bhfuair na Dúnaibh a gcéad scór don dara leath i ndiaidh ceithre bhomaite le iad a chur seacht bpointe un tosaigh chuaigh siad tréimhse fada ansin gan scór ar bith a fháil agus i ndiaidh ceathrú uaire cha raibh idir na foirne ach trí phointe. Ach de réir a chéile tháinig na Dúnaibh ar ais sa chluiche agus chríochnaigh an cluiche leis an scór: Na Dúnaibh 2—8 Na Gaeil 0—9.

An Fhoireann: B.Mac Aodha, C. Mac Thaidhg, M.Mac Lochlainn, C Ó Siadhail, G.Mac Aodha, H. Dáibhis, B.Ó Buaidhe, C.Mac Giolla Chearra, S Ó Dochartaigh, B. Mac G.Bhríde, M. Ó Curráin, M Ó Cuilinn, L Mac G. Bhríde, S Mac Laifeartaigh, S Mac G. Bhríde.

Fir Ionaid: M. Mac G. Bhríde, N. Ó Cuilinn, E. Mac Róibín, P Mac G. Chomhaill, P.Mac Íomhair, S Mac Lochlainn.

## Cluiche Ceannais Sóisir A.

### Na Dúnaibh v Naomh Pádraig, Magh. (Muff).



An fhoireann a bhain Craobh Sóisir A na Contae

Bhí an chuid ab fhearr den imirt ag Magh sa chéad leath agus chríochnaigh an leath agus iad pointe un tosaigh. Cha raibh mórán idir na foirne ag aon am sa chluiche seo agus bhí na foirne cothrom agus corradh agus deich mbomaite fágtha sa chluiche ceannais seo nuair a fuair Magh a gcúl, buille marfach do na Dúnaibh, bhuel ba seo a shíl a lucht leanúna! Cha raibh na Dúnaibh ag imirt go rómhaith sa chluiche seo agus anois bhí orthu iad fhéin a tharraingt amach as an fhaopach ina raibh siad agus sin go díreach mar a rinne siad. D'éirigh leo an cluiche a chothromú le pointí ó C. Ó Gallchóir agus L Ó Conchúr agus an lucht féachána ar fad den bharúil go mbeadh am breise le himirt le hiad a scaradh ach chan sin mar a bhí. Cha raibh G B Mac Laifeartaigh ar an fhoireann de thairbhe gortaithe ach tháinig sé isteach mar fhear ionad sa dara leath. Fuair sé an liathróid thart fá dheich slat is fiche amach agus d'éirigh leis í a chasadh thar an trasnán. Bhí an lá leis na Dúnaibh, buaidh de phointe amháin, agus an dara craobh buaite acu. Is cinnte go ndearnadh cuid mhaith ceiliúrtha fán tsráidbhaile ar feadh cúpla lá.

An fhoireann: P. Mac Grodaigh, Max

Dáibhis, S Mac G. Chomhaill, C Mac Aodha, B Mac Fhionnlaoch, C Ó Dochartaigh, B Mac Nuadhat, S Mac G. Bhríde, S Ó Buaidhe, A Pasoma, S L Mac G. Bhríde, O Ó Buaidhe, C Ó Gall-chóir, B Mac G. Bhríde, L Ó Conchúr.

Fir Ionaid: D Mac G. Bhríde, F. Mac Laifeartaigh, A Mac Laifeartaigh, G B Mac Laifeartaigh, S Mac Fhionnlaoich.





**Craobh Sóisir Uladh.**

**Ard Mac Goilagain 0-10 Na Dúnaibh 1-9 .**

Chan go raibh craobh sóisir na Contae buaite acu ach bhí siad cáilithe do chraobh sóisir Chúige Uladh agus ina gcéad chluiche bhí siad in éadan buaiteoirí na craoibhe i nDóire agus ba sin Ard Mac Goilagain.Bhí lá mór ag bunadh Ros Goill i bPáirc na gCeilteach i nDoire Cholmcille ar an Domhnach an 30ú Deireadh Fómhair nuair a fuair siad an bhuaidh ar Ard Mac Goilagain le dhá phointe, rud a chuir iad fríd go dtí an cluiche leathcheannais de chomórtas idir chlubanna Chúige Uladh i ngrád na Sóisir. Bhí na foirne cothrom ag leath-am, 0-5 ag Mac Goilagain agus 1—2 ag na Dúnaibh. Throid na Dúnaibh go tréan sa dara leath agus is cinnte gurb iad an fhoireann ab fhearr sa leath seo agus bhí a mbuaidh tuillte go maith acu ag deireadh an chluiche. Ach caithfear cothrom na féinne a thabhairt do Mhac Goilagain mar nach raibh mórán idir na foirne go dtí na bomaití deireanacha. Bhí buaidh de dhá phointe ag na Dúnaibh, 0—10 ag Mac Goilagain agus 1—9 ag na Dúnaibh. Bhí moladh mór tuillte ag an fhoireann agus ag a mbainisteoir Andy Ó Conchúr. Bhí An Mullach Dubh as Muineacháin ag fanacht leo sa chluiche leathcheannais.



An fhoireann a ghlac páirt i gCraobh Soísir Uladh

**Na Dúnaibh v An Mullach Dubh.**

Imríodh an cluiche leathcheannais idir na Dúnaibh agus an Mullach Dubh as Muineacháin ar an Domhnach an 13ú Samhain ar an Abhainn Bheag i gCo. Dhoire. Bhí P Mac Grodaí imithe go dtí an Astráil, D Mac G. Bhríde imithe ar ais go Boston agus bhí G.B Mac Laifeartaigh gortaithe. Char amharc

rudaí go rómhaith do na Dúnaibh. Bhí sé soiléir ón am a caitheadh isteach an liathróid go raibh roinnt tosaithe thar a bheith gasta ag an Mullach Dubh agus go gcaithfí súil a choinneáil orthu agus leoga ba sin mar a bhí. Bhí siad rud beag róghasta do chuid tacaithe na nDúnaibh agus bhí deacrachtaí ag na Dúnaibh an liathróid a fháil isteach chuig a gcuid tosaithe agus ba sa líne lánthosach a ba láidre a bhí na Dúnaibh.

Ba sa dara ceathrú don chéad leath a bhain An Mullach Dubh an cluiche seo áit ar scóráil siad cúig phointe gan fhreagra le hiad a fhágáil sé phointe un tosaigh ag leatham, An Mullach Dubh 0—9 Na Dúnaibh 0—3.

Cé go ndearna na Dúnaibh a ndícheall sa dara leath cha raibh fonn ar bith ar an Mullach Dubh an greim daingean a bhí acu ar an chluiche seo a scaoileadh agus chríochnaigh siad an cluiche agus seacht bpointe le spáráil.

An Mullach Dubh 0—13 Na Dúnaibh 0—3

Ach caithfear creidiúint mhór a thabhairt do na Dúnaibh mar go raibh deacrachtaí móra acu a gcuid traenála a eagrú de thairbhe a gcuid peileadóirí a bheith scaipthe ó Shligeach go Leitir Ceanainn go Béal Feirste go dtí na Dúnaibh. Rinneadh an traenáil sna seachtainí deireanacha i mBun Crancha as siocar go raibh sé leathbealaigh nó cóngarach do leathbealaí ó na háiteacha a bhí a gcuid peileadóirí uilig ag obair nó ag staidéar iontu.



Ben Mac Giolla Bhríde (Hughie) ar ruathar aonair suas taobh na páirce.



Finghin Mac Laifeartaigh ag déanmh a bhealach isteach

# Na Girseachaí

## Faoi- 16 C.

Bhí buaidh mhór ag an fhoireann Faoi-16 in éadan na gCealla Beaga sa chluiche ceannais. Imríodh an cluiche seo i nGleann Fhinne agus bhí an cluiche iontach teann sa chéad leath, cha raibh ach dhá chúl idir na foirne ag leatham. Ach bhí ceannas iomlán ag na Dúnaibh ar an chluiche sa dara leath agus bhí buaidh mhór acu ag deireadh leis an scór:  Na Dúnaibh 10-9 agus Na Cealla Beaga 2-10.



Ar cúl ó chlé: Seamus Mac Lochlainn ( bainisteoir), Laura Ní Dhugarach, Thea Ní Dhubhthaigh, Megan Níc Aoidh, Anna Ní Chonchúir,Catharín Ní Shibhleáin, Aobh Ní Cheallaigh, Maria Nic Aoidh, Lauren Nic Giolla Bhríde, Siúin Uí Ghallchóir agus Pól Mac Giolla Bhríde. ( bainisteoirí).
Chun tosaigh ó chlé: Lisa Ní Dhugarach, Amy Nic Lochlainn, Nadine Ní Ghallchóir,Aobha Ní Ghallchóir, Síle Ní Threartaigh (captaen), Sinéad Ní Ghallchóir, Laura Pasoma agus Sinéad Nic Giolla Bhríde.

## Faoi 14 B

I gcluiche a himríodh ar an Chonbhaí bhí buaidh mhaith ag an fhoireann Faoi—14B  ar Naomh Naille sa chluiche ceannais. Dhá chúl a bhí idir na foirne ag leatham ach throid na Dúnaibh go héifeachtach sa dara leath agus bhí a mbuaidh furasta go leor ag deireadh.



Ar cúl ó chlé:Siún Uí Ghallchóir, Siobhán Nic Giolla Chomhaill, (bainisteoirí), Naoise Ní Dhugáin, Maria Nic Aoidh, Aobh Ní Cheallaigh, Catharín Ní Shibhleáin, Lauren Nic Giolla Bhríde ( captaen), Molly Ní Bhuaidhe, Aoife Nic Giolla Chomhaill, Áine Moss, Brónach Ní Bhléinigh, Nadine Ní Ghallchóir, Aobha Ní Ghallchóir, Amy Ní Lochlainn, Pól Mac Giolla Bhríde agus a mhac Ryan agus Seamus Mac Lochlainn. ( bainisteoirí).
Chun tosaigh ó chlé:  Casey Ní Ghallchóir, Sionnain Ní Bhléinigh,Áine Nic Rodaigh, Aobha Pasoma, Aoibhinn Ní Chonaill, Erin Nic Giolla Bhríde, Sinéad Nic Giolla Bhríde, Caoimhe Nic Giolla Bhríde agus Lisa Ní Dhugarach.

## Faoi 13 A.

Bhí an mí-ádh ceart ar na Dúnaibh nár éirigh leo an chraobh Faoi-13 A a bheith leo i mbliana. Bhí buaidh mhór acu in éadan Naomh Conaill na nGleanntach sa chluiche leath cheannais agus b'iad Aodh Ruadh Bhéal Átha Seannaigh a sheas idir iad fhéin agus an chraobh. Bhí coimhlint ghéar sa chluiche seo agus bhí na Dúnaibh pointe 'un tosaigh ag leatham. Throid an dá fhoireann go tréan agus cha raibh sé furasta de thairbhe na gcoinníollacha imeartha mar go raibh an aimsir Geimhriúil go maith. Ach b'iad Aodh Ruadh a tháinig fríd mar bhuaiteoirí agus trí phointe le spáráil acu. Aodh Ruadh 2—8 Na Dúnaibh 2—5.



Ar cúl ó chlé:Siúin Uí Ghallchóir, (bainisteoir), Casey Ní Ghallchóir,Caoimhe Nic Giolla Bhríde,Brónach Ní Bhléinigh, Naoise Ní Dhúgáin, Erin Nic Giolla Bhríde, Amy Nic Lochlainn, Aohba Ní Ghallchóir, Nadine Ní Ghallchóir, Maria Nic Aoidh, Catharín Ní Shibhleán, Sinéad Nic Giolla Bhríde, Ciara Ní Chearnaigh, Lucy Ní Chonchúir, Séamus MacLochlainn agus Pól Mac Giolla Bhríde ( bainisteoirí).
Chun tosaigh ó chlé:Aoibhinn Ní Chonaill, Áine Nic Rodaigh, Amy Nic Giolla Bhríde, Áine Ní Chonaill, Róise Ní Chearnaigh, Aobha Pasoma, Lisa Ní Dhugarach, Sionnain Ní Bhléinigh agus Chloe Haye.

# Seanfhocail

| **Trí rud is deacra a thuiscint:** | **Trí shaghas bochtáin:** |
| --- | --- |
| Obair na mbeach, | Duine le toil Dé, |
| Teacht is imeacht na taoide, | Duine lena thoil féin, |
| Intinn na mban. | Duine bocht da mbeadh an saol ar fa fad aige. |

# Oíċe Ṡamna i Ros Goill 1955

## Sean ġnás a's cleasa, magaḋ a's greann

Seo alt a scríobh iriseoir don pháipéar Gaelach 'Amárach' os cionn seasca bliain ó shin. In ómós laochra na Cásca 1916, mheas muid go gcoinneodh muid é sa tseanchló Gaelach agus chomh maith le sin, seans go dtabharfadh sé deis do n-ár léitheorí sinsearacha é a léamh sa chló galanta sin in ár fhoghlaim siad a gcuid léitheoireachta ar scoil!

Ṫarla go raḃ deireaḋ seaċtṁaine saor agam fá Ṡamain, agus rinne mé caol díreaċ ar an áit is feicealaí in Éirinn, mar tá Tír Ċonaill. 'Níl contae in Éirinn níos áille ná tá'—agus níl dúiċe sa ċontae níos deise ná na Dúna. An Mucais ṁaol ṫall agus Gania Mór i ḃfos agus ṫart fá dtaoiḃ dínn na méilte bána gréine fá ċiúin-ċiumhais órṫa Ċuan na long. Ba é seo an áit a raḃ mé ag cur fúm tráṫ ṫainig teaċtaireaċt ċugam a iarraiḋ orm cuidiú beag a ṫaḃairt do ṗáipéar úr na Gaeltaċta. Agus ṁeas mé nár ṁiste dá ḃféadfainn a inse caidé mar ċaiṫ mé oíċe Ṡamna imeasc Gael ann.

Sa teaċ a raḃ mé ann ó oíċe Aoine tá an cailín is sine fá naoi mbliana déag d'aois agus a deirfiúr agus an beirt ġasúr níos óige ná sin. Lá troscaiḋ a ḃí ann Dé Luain (31-10-55), agus ḃí an maistreaḋ buailte agus an túirnín nite agus na préataí scríobṫa agus iad i bpota fá ċoinne an ḃrúitín ag na páistí ó ardtráṫnóna.

### Ag gabáil de na cleasa

Ag am-té féin fá ċlapṡolas ḃíoṫas ag gabáil de na cleasa. Bunóg ar dóiġ déanta ag an ṁáṫair, aċ ċaiṫfeá ḃeiṫ cúramaċ mar ḃí cnaipí agus sé-piġneaċa inti—agus dá ḟáinne le na ċois sin. Ba í Eiḃlín, an ḃean ba ṡine den teaġlaċ, a fuair an ceann a noċtaiġ: agus ṡílfeá gur ċuir seort cuiḃa ar an ċréatúr nó tá sé creite fán té a ġeiḃeas an fáinne garḃ é (nó garb í) "is luaiṫe a ṫarraingeas an bacán" agus a ḟágfas slán ag na sean-ḟóid.

Rósaḋ na cnóite ina ḋiaiḋ sin. Ceann do Ḃonca Ḃriainaí agus do ċailín éigin as an Tearmon aċ, má tá, níor ḟan siad i ḃfad i gceann a ċéile ....... Agus ba ise a ṫug an léim ! Cuireaḋ dá ċnó eile ar aiḃleoig do Ḃen Ḃeag—agus, cé biṫ í féin, ċloiġ sí isteaċ go te teolaí leis go ceann scriḃe !

Toisíoḋ ansin ar ċleas na n-úll agus ba é sin an áit a raḃ an greann agus na gáirí. Crann-casta ceangailte de ṡreangán as an ċúpla, úll ar ċeann aṁáin de agus dos cúl-ḟáiṫ ar an ċeann eile. É dá ċasaḋ ṫart go tapaiḋ agus duine den dream óg ar a ḋíċeall go faiċeallaċ ag iarraiḋ greim a ḃaint as an úll —sa dóiġ go ḃfaiġeaḋ sé ceann as an ḃascaid faoin tábla. Ní cluasa te a ḃí ann aċ pluca dóite, ac nár cuma leis an t-aos óg ! Ḃíoṫas ag gabáil de " ċloigeann sa tubán" nuair a ḃain mé féin agus fear a' tiġe, Séiṁí, soir amaċ.





### Ceol agus Callán

Ċuala muid an callán agus an ceol sa ḃarra ag Mánus Mór agus sinn ag teaċt anuas an ṁalaí ag tiġ Ellen. Ḃí an siopa agus an seomra ṫíos lán-go-doras agus ṁeas muid gur ṡuaiṁní an ċisteanaċ. Isteaċ linn. Ḃí scaifte breá anseo fosta—agus cé biṫ naċ raḃ ann ḃí Micí Eoin ann. É ina ṡuí go leacanta sa ċoirneal ag scéalaíoċt leis fán am saoiṫiúil a ḃí ag Ó Doṁnaill i gCaisleán Ḃún na nGall nuair a ḃí an ḃean ag doirteaḋ na mine -coirce as an ḟuinneog uaċtair isteaċ síos san abainn. "A ḃean úḋaí ṫuas," arsa an Dálaċ, "murab ḃfuil muileann mine agat, beiḋ do ḃraċán lom !"

Ċar ól mé a ḋaṫ le raiṫe roiṁe sin, aċ 'siocair gur oíċe ċeann-féile a ḃí ann, d'ordaiġ mé dá leiṫċeann doṁ féin 's do Ṡéiṁí. Má tá, ḃí sé íoċta ar a ṡon ag Padaí Ḃen Ṡeamais sula ḃfuair mise faill mo láiṁ a ċur in mo ṗóca. Ansin ṫosaiġ an coṁrá. Ċuir Micí Sofaí ceist orm ḟéin an ḃfaca mé áit ariaṁ níḃe deise ná Ros Goill. Agus d'inis mé croí-na-fírinne dó: naċ ḃfaca — agus gur sin an cad ċúige ar ċuir mé trí ċéad míle de ċor-ḃealaiġ orm féin, ann agus as, le Oíċe Ṡamna a ċaiteaṁ ina measc. Nó cá háit a ḃfaigfeá sárú an raḋairc sin ó ṁullaċ na Muirleoige?

Ṫarraing Séiṁí air pá na cleasa a ḃí ag na páistí ṫiar. "Gcuala aon duine agaiḃ ariaṁ" arsa Nonaí agus smeaċaḋ an ġáire air, "fá pread a ḃaint in ainm an diaḃail?" "Ċonaic mé déanta é" arsa Padaí Ṡíle nár laḃair go dtí sin. Ṫosaiġ sé agus d'inis dúinn. Boc as an Tulaċ a rinne an cleas Oíċe Ṡamna aṁáin corraḋ le trí scór bliain ó ṡin. Ṫug leis spád agus d'imiġ i ndorachadas an ṁeánoíċe go crann cuilinn a ḃí trí ċlaí ar ṡiúl. Scairt sé go raḃ sé ann agus ċuir steafog den ċuileann ina ṗóca mar ċrúṫú. Ḃain sé an pread, ṫóg an spád ṫar na ġualainn agus riṫ an méid a ḃí ina ċorp ionsar an teaċ ......gur ḃain an tsráid amaċ. Ċait sé uaiḋ ansin í—aċ ṫaire reaṫ' go raḃ an meisceoir boċt faoi díon an tiġe nuair a fágaḋ iarn na spáide sáite san ursain ar a ċúl. Dá sleaṁnaíoḋ sé ar a ḃealaċ 'un an tiġe, ḃí a ġnoiṫe déanta !

Ṫost aċan duine. Tarraingeaḋ deoċ eile. " A, b'fearr liom féin tuar an tsnáiṫe ná an ceann sin" arsa Paidí Ḃriainí Ċroṫair agus d'aiṫneofá beagán scanraiṫe é. Ṁionnaiġ sé go raḃ sé fíor fán ḟear gan sloinneaḋ, aċ gur Éanaí Éamoin a ḃí air, as Gort na luċóg ṫoir. Fear fíúntaċ agus fearm maiṫ aige , agus a ṁáṫair ag tógáil an ṗeinseain. Ḃí sé sa ċéill ab aigeantaí ag ainnir ċinn-óir as an Ḃaile Úr. Aċ ḃí uċtán beag de ṗatalán

ṗlucaċ a dtugtaí Nuala gan Smid uirṫi ina cónaí i mbéal a' dorais  aige, agus ċa ligeaḋ sí as a hamarc é gan ḃeiṫ ina ḋiaiḋ. Stiall maiṫ talaiṁ aici fosta, ar a'crí le na cuid féin. D'ḟág seo an duine boċt neoid i ndriopas pósta.

Oíċe Ṡaṁna aṁáin dúirt sé leis ḟéin naċ raḃ an dara suí sa ḃuailí aige aċ cuairt a ṫaḃairt ar an tsean áiṫ-aoil ós ceann Trá na Rossan. Rud a rinne—agus ceirtlín snáṫa-bainríona faoi n-a ascail leis. Ċoinniġ sé greim ar ċeann an tsnáiṫe, ċaiṫ síos an ċuaċog agus ṫoisiġ a ṫoċairt ...gur ṁoṫaiġ an snáṫ i bfastó ar íoċtar. Ċa deaċaiġ sé ann i ngainḟios nó ḃí beirt de boic a 'ḃaile i ḃfolaċ ag cúlċoiṁead air agus ag cúléisteaċt. "Cé úd ṫíos ar ḃarr mo ṡnáiṫe?" arsa Éanaí go dairíre. "Mise Nuala" adúirt an cogar ó ṫóin na háiṫe."Maise, go dtóga an diaḃal leis ṫusa, a Nuala !"---- agus ċaiṫ a raḃ idir láṁa aige síos ina mullaċ.

Ḃí go maiṫ. Posaḋ roiṁ an Nollaig é féin agus an cailín rua as an Ḃaile Úr a raḃ toil aige diṫe. Aċ, ma tá, fuair sí féin agus an dara duine clainne a ḃí ann bás, an ḃeirt acu ó ba toil Dé é, taoḃ istiġ de ḋá ḃliain. Fá Ṡaṁain a ḃí ann fosta. Agus caidé do ḃarúil, a ḃráṫair,naċ raḃ an dá ḟearm i gceann a ċéile aige féin 's ag Nualainn corraḋ beag 's bliain ón am sin ! "Anois" arsa Paidí go mórtasaċ, " cé déarfas liomsa naċ ḃfuil a leiṫéid de rud 's dán pósta ann?"

Ḃí deoċ eile againn, agus canaḋ ansin  fa ġnás ġreannṁar a ḃíoḋ ag na cailíní i ḃfad ó ṡin, mar ḃí: go dtéaḋ an spéirḃean 'un an sciobóil léiṫe féin go mbuaileaḋ sí punnainn ċoirce sa ċoineascar ann. Agus tífeaḋ sí faoi scaṫsolas na gealaiġe, idir í féin agus léas, croṫaíoċt an ḟir a ḃí i ndán diṫe.

"Sea" arsa an Giọṁaireaċ a ḃí i ndiaiḋ ṫeaċt isteaċ, "agus tá aiṫne agamsa ar ḃean atá pósta le cúig bliana ṫíos idir seo agus an Dumaí. 'S caidé rinne sise 'id ḃarúil? Tá, ceairtlín ċáil a ċrocaḋ taoḃ istiġ de ḋoras na cisteanaḋ i ndiaiḋ an tine a ċogailt Oíċe Ṡaṁna . An ċéad ḟear a ṫáinig 'un an tiġe maidin lá ṫar na ṁárac – ḃal tá sé aici ó ṡin agus ise aige ! An dóiġ ar inis sé an eaċtra ṡílfeá gur sean sagart-paraiste a ḃí i mbun an scéil. "Mór an truaiġe" arsa Seams Aindí go scigṁagúil,

"Naċ mbeireann bean éigínteaċt ort féin is ceairtlín ċáil? Ḃris na gáirí ar a raiḃ istiġ. "Níl ag do léiṫéidse de ḃun-ṡeanduine, a Ṡéamais aċ do ċuid den ṁagaḋ!" arsa an té nár fágaḋ ariaṁ gan freagar.

Líonfaḋ sé na páipéir a ḋeaċaiġ muid tairis i gcisteanaċ an ḃarra ag Mánas Mór Ó hÓireatai idir sin agus ... ċan abraim cé huair!

Steall sé ḟéin cúpla ceaṫrú ceoil ċugainn fá "Na Seanba" agus "Na Buaċaillí a Ċaill an Bus" – agus m'anam gurb é a dtig leis a ḋéanaṁ go binn bríoṁar. Níl cuideaċta in Éirinn, is cuma cá raċaiḋ tú, níos pléisiúraí ná bunaḋ na nDúna, - gan a ḋaṫ ag cur buarṫa orṫu aċ iascaireaċt, aṁráin agus seanċas.

# Seanchas le Seán Ó hEochaidh

**Seo píosa seanchais le Sean Ó hEochaidh faoi Mhí an Mhárta.**

Sin Mí an Mhárta agus tá Lá 'le Pádraig isteach i lár na míosa seo agus ma tá fhéin creidim nach bhfuil mí ar bith eile den dá mhí dhéag is mó a bhfuil seanchas ag baint léithe ná mí Mhárta. Rud an tábhachtach i saol na ndaoine an aimsir agus dár ndóighe creidim go dtarlaíonn sin siocar an dá shlí beatha is tábhachtaí acu



sna háiteacha cúla seo ar a laghad, 'sé sin talamh agus farraige, agus dár ndóighe tá an dá rud ag brath go mór ar an aimsir. I dtaca le haimsir agus tinneas de níl amhras ar bith ann ná gur mí Mhárta an mhí is fabhtaí sa bhliain. Thuig an tseanmhuintir sin go maith agus bhíodh agus tá eagla orthu i gcónaí roimh an Mhárta, fiú ins an am i

láthair anois fríd an tír tá an drochshlaghdán ag dul agus níor mhothaigh mé an oiread seandaoine ag fáil bháis le fada go leor agus atá ag



Gaoth chruaidh lom fhuar an Mhárta

fáil bháis ins an am i láthair. Bhuel téigh ar fud na Gaeltachta agus cé nár chuala an seanfhocal sin – 'fuíollaí a mharaíos caoirigh agus Márta a mharaíos daoine' agus tá sé comh fíor inniu agus a bhí sé ariamh. Is dóiche go bhfuil ard na gaoithe 'na chiontaí ag mórán d'anás an Mhárta. Is gnách go dtig gaoth chruaidh lom fhuar ón aird anoir gí nach bhfuil sí ann go fóill i mbliana agus 'sé an t-ainm a bhéarfadh na seaniascairí ar an ghaoth chruaidh seo ná galfútar an Earraigh. Bhíodh an ghaoth sin chomh cruaidh sin agus seanmhóin ar bith agus spadar a bhíodh caite ar an phortach i ndiaidh an tSamhraidh a chuaigh thart go dtriomódh sí uilig agus go bhfaigheadh siad í cruinnithe sula dtéadh siad a bhaint na mónadh. Gaoth pholltach cinnte agus tá an chlú ar an ghaoth seo go siúlann sí go tapaigh agus go híséal os cionn an talaimh agus rud ar bith a thaistealas go gasta, go fiú gluaisteán atá ag taisteal níos gaiste ná ba cheart dó cluinfidh tú daoine ag rá – 'chuaigh sé tharam mar a bheadh gaoth Mhárta ann'. Cuireann sin in iúl caidé chomh gasta ná chomh hachomair agus a shéid gaoth Mhárta. Tá an chlú ar an



Goirria - nios ligthe sa Mhárta

ghiorria fosta go bhfuil sé níos ligthe sa Mhárta ná mar tá sé am ar bith eile ar feadh na bliana. Cibé fán aimsir ná an tinneas ná an seanchas a bhí ag dul leis an Mhárta níl rud ar bith eile a gcuirfeadh na seanmhná suim ann ná coileach dubh Márta. Tá mé cinnte go bhfuil cuimhne ag cuid acu ar an am nach mbeadh bean tí ar bith sásta mura mbeadh éillín aici a mbeadh coileach dubh air. Bhí cuid mhór tíolacthaí ag baint leis dar ndóighe, bhí an dubh i gcónaí an-tábhachtach sa tseanchas, sna pisreoga agus ins na


Chuaigh sé tharam mar bheadh gaoth Mhárta

seanscéalta. Creidim go bea an tsiocar a bhí le sin ná gur airigh siad gurb é an dubh rí na ndathanna. Deir siad, nó ba ghnách leofa rá cibé, go nglacfaidh achan dath dubh ach nach nglacann dubh dath ar bith. Níl fhios agam a bhfuil sin fíor faoi na dathanna nua-aimseartha atá ag dul faoi láthair. Bhí an teach dubh ainmnithe sna seanscéalta, bhí an cú dubh ábalta na cailleachaí pisreogacha seo a níodh giorriacha dóbhtha fhéin lá Bealtaine, bhí siad ábalta a gceansú. Bhí an t-ábharsóir (diabhal) dubh fosta nuair a bhíodh sé ag bogadaí thart ach mar sin fhéin bhí an coileach dubh ábalta an bhuaidh fháil air agus achan spiorad eile dá mbíodh ar a gcos nó an iarraidh amháin a scairteadh an coileach chaithfeadh siad uilig a dhul fá chónaí. 'Nois ins an tseanam nuair a bhíodh créatúir as na ceanntracha seo nó as ceantair eile ar chósta na gaeltachta, nuair a chaithfeadh siad imeacht as baile cuirim i gcás, dar ndóighe tá fhios againn uilig ba de shiúl cos a chaithfeadh siad an turas sin a dhéanamh, deirimid as Gaoth Dobhair go Doire, as Cloich Cheann Fhaola go Doire agus thiar an taobh s'againne mar a gcéanna, chaithfeadh siad imeacht fiú dá mbeadh siad ag dul 'un aonaigh, chaithfeadh siad imeacht deireadh oíche, le fáil go bun na scríbe le breith ar bhád nó rud inteacht a bheadh ag dul trasna. Agus cuid acu a bhíodh uaigneach go leor ag imeacht daofa deireadh oíche. Ach ar maidin le bodhránacht an lae agus ba ghnách leis an choileach i gcónaí scairtigh ná glaoch le bodhránacht an lae agus uair amháin a chluinfeadh siadsan an choileach bheadh uchtach agus misneach acu agus cha raibh a dhath ar an tsaol le iad a scaradh 'na dhiaidh sin. D'imeodh an t-uaigneas dóibh ina dhiaidh sin ná bhí sé bainte fuinte istigh ina n-intinn uair amháin a scairtfeadh an coileach go gcaithfeadh achan spiorad, dá mbeadh a leithéad ann, nó taibhsí, cuma caidé bheadh ann, go gcaithfeadh siad uilig a dhul fá chónaí.


Coileach dubh Márta

**Sa chéad eagrán eile de Ghuth Ghoill beidh sceál seanchais uaidh Sheán faoi choileach dhubh Mhárta.**

Muintir Mhícheáil ( Clann Mhic Pháidín)

# Muintir Mhícheáil ( Clann Mhic Pháidín)

Níl fhios agam caidé ba chúis leis ná caidé'n draíocht a bhí fá Dhumhaigh ach is fíor a rá go dtug cuid mhaith de bhunadh Dhumha saol fada leofa. Níl fhios agam bea aer folláin na farraige, an t-iasc, bia trá, creathnach, duileasc nó righneacht na ndaoine fhéin ba chúis leis ach tá an fhianaise ansin. Níl amhras ná go bhfuil seo cinnte fíor fá theaghlach Mhic Pháidín as Dumhaigh nó Muintir Mhícheáil mar is fearr aithne orthu agus tá Sarah, ar labhair mé léithe go minic le scéal a teaghlaigh agus a saol i nDumhaigh ina hóige a fháil, beo beathach i gcónaí agus í ag tarraingt ar an chéad.



Teach Mhícheáil i nDuumhaigh

Bean thar a bheith lách atá in Sarah, í pléisiúrtha, flaithiúil agus neart den ghreann inti. Tá sí fhéin agus Pat ina suí go seascair thoir i gCeann na Leargaí agus gura fada buan mar sin iad. Bhain mé taitneamh mór as a cuideachta agus na huaireanta a chaith muid le chéile agus í ag cur síos ar a hóige agus ar an saol i nDumhaigh le linn daoithe a bheith ag éirí aníos. Cha raibh stró ar bith uirthi a dhul siar go dtí na laethanta sin nuair a bhí corradh agus trí fichid páiste ag siúl as Dumhaigh go Scoil Dhoire a ' Chasáin. Bhí siúl fada 'na scoile acu ach is cosúil nár chuir seo isteach nó amach orthu, mar a dúirt sí fhéin, ' bhí muid óg agus lúfar ligthe'.

Deirtear gur i nDumhaigh a rinneadh an chéad chónaí in Íochtar Ros Goill, bhí na tithe uilig tógtha in aice na farraige ag tús ama agus baisteadh an seanbhaile ar an chuid seo de Dhumhaigh. Téann an seanbhaile siar blianta fada agus bhí an bealach mór ag dul síos ar chúl theach na Frank's agus tigh Mhícheáil agus cha deachaigh sé thar an seanbhaile, cha raibh bealach ar bith eile ag dul soir ach casán na gcaorach agus na n-ainmhithe. Bhí ar na chéad daoine sin a mbeatha a thabhairt i dtír ar na carraigeacha loma agus níl amhras ar bith ná gur fhulaing siad go mór agus iad ag iarraidh a dhul i ngleic le talamh a bhí thar a bheith creagach agus le farraige a bhí thar a bheith fiánta, agus iad de shíor faoi chuing ag léan, leatrom agus anás. Ach léirigh siad an teacht aniar agus an acmhainneacht a bhí iontu nuair a tháinig siad fríd an


drochshaol, agus chan amháin go dtáinig siad fríd ach thóg siad clanna móra le linn dóibh a bheith ar an ghannchuid. Ach nach iontach an rud é agus tú ag caint is ag seanchas leis an ghlún a chuaigh romhainn go bhfuil siad uilig ábalta cuntas a thabhairt faoin saol anásta a bhí ann agus san anál chéanna déanfaidh siad cur síos ar chomh sona sásta agus a bhí siad le linn a n-óige. Caithfear creidiúint mhór a thabhairt dár sinsear, tá muidinne ag teacht i dtír ar an síol a chur siad.

## Manás Mac Pháidín.

Rachaidh muid ar ais fhad le sinseanathair Sarah, ba sin Manás Mac Pháidín. Níl dáta a bhreithe againn ach thiocfaí a rá, bunaithe ar an méid eolais atá againn gur rugadh é sa dara leath den 18ú aois.(1750-1800). Bhí Manás pósta ar Sarah Ní Oireachtaigh as na Dúnaibh agus bhí cúigear clainne acu, triúr girseach- Annie, Madgie agus Máire agus beirt ghasúr—Enda agus Mícheál. Bhí Annie pósta ar James Ó Dubhaigh as Léana Mór, Carraig Airt, Madgie pósta ar dhuine de chlann Mhic Giolla Bhríde as Dún Dumháin, agus Máire pósta ar Jondy Mac Giolla Bhríde as Doire A'Chasáin Beag. Bhí Enda pósta ar Grace Ní Ghallchóir as Doire a'Chasáin Beag agus Micheál pósta ar Nóra Nic Giolla Chearra as Dumhaigh.

## Micheál Mac Pháidín.

Micheál a bhí ina sheanathair ag Sarah agus rugadh é sa bhliain 1811. Bhí sé pósta ar Nóra Nic Giolla Chearra as Dumhaigh, bhí sise ina haintín ag Micí Eoin ( seanaintín le Manás Eoin). Bhí seisear clainne acu, triúr girseach—Máire, Peggy agus Sophie agus triúr gasúr—Manás, Fred agus John. Bhí Máire pósta ar John Mór a Chorrach ( Mac Giolla Bhríde), cha raibh Peggy pósta, bhí John pósta ar Nuala Ní Dhubhaigh ( Nuala Chonchúir Rua) as Baile 'n tSléibhe – ba seo athair agus máthair Sarah. Fuair Micheál bás sa bhliain 1904 rud a d'fhág go raibh sé na trí bliana déag thar na ceithre scór.



John Mhícheáil agus a bhean Nuala

## John Mac Pháidín.

(John Mhícheáil).

Rugadh John Mac Pháidín nó John Mhícheáil, mar a bhí aithne air fán cheantar, sa bhliain 1858 agus bhí sé cúig bliana déag thar na ceithre scór nuair a fuair sé bás sa bhliain 1953. Mar a dúirt mé bhí John pósta ar Nuala Chonchúir Rua as Baile an tSléibhe. Bhí



Seo Peigí, aintín le Sarah

beirt dheirfiúr eile ag Nuala a bhí pósta i nDumhaigh fosta; ba sin Sorcha a bhí pósta ar Phádraig Mac Laifeartaigh ( Pádraig Den) agus Máire a bhí pósta ar John a' Buaidhe.(John Frank). 'Sé an chuimhne atá ag Sarah dá hathair ná go raibh sé cneasta, cráifeach agus b'é a chuirfeadh tús leis an phaidrín sa teach achan oíche; char chuala sí é ag eascainí am ar bith ná mionnaí móra óna bhéal ariamh agus char ól sé deoir ólacháin le linn a shaoil. Ba mhór an rud sin dó mar go raibh cuid mhaith poitín a dhéanamh ar an bhaile chéanna agus sna bailte fearainn mórthimpeall agus é ag éirí aníos. Dúirt sí go raibh colm ar thaobh a leiceann ón am a fuair sé fiacail amach i gCarraig Airt mar gurbh éigean don fhiaclóir ( cha raibh Sarah cinnte an fiaclóir nó dochtúir a bhí ann) poll a chur ina phluc leis an fhiacail a fháil amach. Nach milteanach an phian a bheadh i gceist le seo. Bhí a hathair tinn go maith in amanna le linn a shaoil ach sin agus eile thug sé saol fada leis. D'oibrigh a máthair go dícheallach fosta mar a rinne na mná uilig fán áit, chan amháin gur thit tógáil clainne agus obair tí orthu mar chúram ach ba mhinic iad ag obair taobh amuigh fosta, ag dul don mhóin nó don bharr. Chaith a máthair lá, agus í ag iompar clainne, ag tarraingt móna nó turtóga ón Chnoc Mhór, agus rugadh leanbh di an tráthnóna céanna. Ba mhinic a chaitheadh a máthair go lár na hoíche ag glanadh agus ag sailleadh éisc nuair a bhíodh cur mór éisc isteach leis na fir.

## An Chlann.

Bhí an chloigean déag de chlann ag John Mhícheáil agus ag a bhean Nuala, seisear



Ochtar de mhuintir Mhícheáil sa phictiúr seo chomh maith le Stephen Ghráinne, fear Chití agus Jimí Dhonchaidh Jimí,

O chlé: Stephen Ghráinne, John, Máire, Sophie, Jimí Dhonchaidh Jimí, Sarah, Micí, Chéarlaí, Nochaí agus Cití



Seanphictiúr as Dumhaigh. Ar cúl ó chlé: Ta a fhios againn go bhfuil Hannah Frank 7 Bríd Fhearghail ina sheasamh ar chúl agus Bernie Mac Laifeartaigh (Bernie Frank) ina ghasúr bheag. Níl muid cinnte faoin trúir atá in suí.

mac agus cúigear iníonach — Mícheál, Hannah, Máire, Nochaí (Cornelius), Manás,Cití, Chéarlaí, John, Fred, Sarah agus Sophie. Deir Sarah go raibh cuid mhaith acu ar fostú i ndiaidh daofa an scoil a fhágáil, anseo sa pharóiste, i bhFánáid agus comh fada ar shiúl le Contae Dhoire. Nuair a bhíodh bunadh Ros Goill a bhíodh ar fostú i bhFánáid ag iarraidh a theacht na bhaile thiocfadh siad anuas go dtí na carraigeacha trasna ó Dhún Dumháin agus chroithfeadh siad a gcuid lámha san aer ag súil go bhfeicfeadh muintir Dhún Dumháin iad agus go rachadh siadsan ina n-araicis le curach le hiad a thabhairt anall. Ba seo an dóigh a tháinig siad anall chóir a bheith i gcónaí. Bhí aicearra mhaith anseo in áit a bheith ag siúl an bhealaigh.

Chuaigh a haintín Peigí go haonach an fhostóidh i mBaile na nGallóglach am amháin le fostú a fháil do Mhicí, sin deartháir Sarah agus an duine ba sine den chlann. Rinneadh Micí a fhostú am inteacht sa tráthnóna agus bhí siad breá sásta. D'imigh Peigí isteach i gcúpla siopa ach nuair a tháinig sí amach ar ais bhí Micí agus an feirmeoir a d'fhostaigh é imithe leo. Bhí Peigí i ndroch dhóigh anois mar nach raibh ainm an fheirmeora ná cá háit a raibh cónaí air faighte aici uaidh. Is cinnte go raibh John agus Nuala i ndroch dhóigh fosta ar an scéal seo a chluinstin, cha raibh eolas ar bith acu cá raibh Micí ar fostú. Ceithre seachtaine fiosrúcháin a thóg sé ar John Mhícheáil go dtí go bhfuair sé amarc cá raibh Micí ar fostú. Sa deireadh thiar thall fuair sé amach go raibh sé istigh i gCo. Dhoire. D'imigh John go Doire agus fuair sé an fheirm a raibh a mhac ag obair air agus é breá sásta. Is cinnte gur faoiseamh mór a bhí anseo daofa uilig.

## Mícheál ( Micí Mhícheáil).



Ba Mícheál an duine ba sine den chlann agus rugadh é sa bhliain 1901. Bhí sé pósta ar Anna Nic Giolla Bhríde as an Ard Bhán agus bhí triúr clainne acu – John, Bríd agus Máire. Ar an drochuair fuair Anna bás óg sa bhliain 1941. Bhí Mící Mhícheáil é fhéin beo go dtí an bhliain 1990, bhí sé naoi mbliana agus na

ceithre fichid nuair a fuair sé bás. Ba tigh Mhícheáil i nDumhaigh, ag an tseanmhuintir Nuala agus John, a tógadh an chlann, sin John, Bríd agus Máire. Phós John Anna Johnston agus bhí cónaí air ar an Fhál Carrach agus 'sé an aithne ab fhearr a bhí againn uilig ar John ná faoin leasainm John na nDúnaibh. Ar an drochuair fuair John bás sa bhliain 1994 agus gan é ach na seacht mbliana thar an leathchéad. Beirt de theaghlacha bhí ag John agus Anna. Chuaigh Bríd agus Máire go Meiriceá. Bhí Bríd pósta ar Micheal Roach ach cha raibh clann ar bith acu. Fuair sí bás ina bean óg sa bhliain 1986. Tá Máire pósta ar Danny Mc Anally as Co. Dhoire agus triúr clainne acu, iníon amháin agus beirt mhac. Tá aithne mhaith againn uilig ar Mháire nó Máire Rua mar is fearr aithne uirthi mar go dtabharann sí ruaig 'na bhaile achan Samhradh leis an cheangal lena fód dúchais a choinneáil beo. Is cuideachta mhaith atá i Máire agus í lán de scéalta faoina hóige agus í ag teacht 'un aois i nDumhaigh.

## Hannah.



Rugadh Hannah sa bhliain 1903 agus bhí sí pósta ar William Ewebank. Bhí triúr clainne acu, Sean, Máire agus Tony. Fuair William bás sa bhliain 1970 ach bhí Hannah, mar ba dual dá bunadh, beo go raibh sí na cúig bliana déag thar na ceithre scór. Bhí cónaí orthu i nDroichead na Banna i gCo. an Dúin agus bíonn a gclann thart fán cheantar go minic ar cuairt ag a mbunadh.

## Máire.



Rugadh Máire sa bhliain 1904. Pósadh í ar William Mc Fadden agus bhí cónaí orthu ar an Ráith, in aice le Rath Maoláin. Bhí ochtar clainne acu, seachtar gasúr – Francis, Liam, John,Charles,Míchéal, Manás agus Con, agus an ghirseach amháin, sin Máire. Tá aithne mhaith ar Mhanás sa cheantar seo mar gur tógadh é i nDumhaigh ag an tseanmhuintir John agus Nuala agus is é an búistéir atá sa cheantar seo anois, tá siopa búistéara aige i gCarraig Airt. Tá an chuid eile den teaghlach pósta fá thimpeallacht Bhaile na nGallóglach. Francy pósta ar Mhary Mills agus cúigear clainne acu; John pósta ar Shíle Carr agus ceathrar mac acu; Charlie pósta ar Chatherine Ní Dhúgáin agus triúr clainne acu; Micheál pósta ar Chaitlín Ní Fhearraigh agus beirt chlainne acu; Manás pósta ar Eibhlín Ní Bhuaidhe agus seachtar clainne acu; Con pósta ar Ghrace Mc Glynn agus cúigear clainne acu;Máire pósta ar Mhicheál Ó Brógáin agus cúigear clainne acu; ba Liam an t-aon duine den chlann nach raibh pósta agus ar an drochuair tá sé anois ar shlí na fírinne le roinnt blianta. Fuair Máire bás sa bhliain 2001, bhí sí na seacht mbliana déag thar na ceithre scór.

## Nochaí Mhícheáil



Rugadh Nochaí (Conchúir) Mhícheáil sa bhliain 1906. Bhí sé pósta ar Mhadge Ní Ghallchóir agus bhí triúr clainne acu, gasúr amháin – James agus beirt ghirseach – Anne agus Finola. Fuair Madge bás sa bhliain 1988 agus Nochaí sa bhliain 1998 agus é dhá bhliain déag os cionn na ceithre scór.

## Máinigh Mhícheáil ( Manás)



Rugadh Máinigh sa bhliain 1908. Cha raibh Máinigh pósta agus chaith sé a shaol ag iascaireacht nó ar shiúl chuig na poirt iascaireachta ag guttáil scadán. Chuaigh sé amach ar an churach lena athair nuair nach raibh sé ach seacht mbliana d'aois agus bhí sé corradh agus ceithre scór nuair a rinne sé a thuras deireanach sa churach ag deireadh na n-ochtaidí. Ba radharc coitianta a bhí ann fán am sin Máinigh a fheiceáil ag teacht isteach báighe Dhumhcha ar a shuaimhneas, leis fhéin, tráthnóna Fómhair agus a churach lán den chuid ab fhearr d'éisc.

Thosaigh sé ag an ghuttáil sna Dúnaibh sa bhliain 1927 agus chríochnaigh sé leis an obair seo i 1976 agus eadar am bhí na Shetlands, na hOrkneys, Oileán Mhanainn, Yarmouth agus Lowestoft agus áiteacha nach iad feicthe aige. Cha raibh Máinigh ach cúpla mí ón chéad nuair a fuair sé bás.

Sa 4ú agus sa 6ú eagrán de Ghuth Ghoill i Mí na Bealtaine 2005 tá agallamh breá ann a rinne Máinigh le Micheál Mharcais ( Mac Laifeartaigh) fána shaol.

## Cití Mhícheáil



Rugadh Cití sa bhliain 1910. Bhí Cití pósta ar Steafán Mac Giolla Bhríde (Stephen Ghráinne) as an Raplach. Duine amháin clainne a bhí acu, sin Máire. Tá Máire pósta ar Sheán Ó Buaidhe as Tamhnach Loch agus tá cónaí orthu idir Creamhghort agus Baile na nGallóglach. Tá ceathrar clainne acu. Bhí Cití na cúig bliana thar na ceithre scór nuair a fuair sí bás sa bhliain 2005.

## Chéarlaí Mhícheáil



Rugadh Chéarlaí sa bhliain 1912. Cha raibh sé pósta agus chaith sé páirt mhaith dá shaol mar shaor báid ag obair i mbádchlós Mhíobhaigh. Fuair sé bás sa bhliain 1987 agus é 75 bl d'aois.

## John Mhícheáil



Rugadh John sa bhliain 1915.Cha raibh John pósta ach oiread agus chaith sé an chuid ba mhó dá shaol i nDumhaigh. Fuair John bás sa bhliain 2003 agus é ocht mbliana agus na ceithre fichid.

## Fearghal (Fred) Mhícheáil



Rugadh Fearghal sa bhliain 1916 agus bhí sé pósta ar Pheigí Ní Bhuaidhe, seo Peigí Eoin, iníon le Eoin Phadaí Bhuaidhe a raibh cónaí air i Míobhaigh. Bhí duine amháin clainne acu, sin girseach a raibh Finola uirthi. Ach ar an drochuair fuair Fearghal bás óg agus cha raibh sé ach na cúig bliana déag agus fiche nuair a fuair sé bás sa bhliain 1951. D'imigh Peigí agus a iníon go Meiriceá ina dhiadh sin. Bhí sí beo thall ansin i gcónaí nuair a rinne mise an taifead seo.

## Sophie Mhícheáil



Ba Sophie an duine ab óige sa teaghlach agus rugadh í sa bhliain 1920. Bhí Sophie pósta ar Leslie Szapajko fear as an Phólainn. Bhí mac amháin acu, ba sin John agus tá teach Samhraidh ag John in aice le Scoil Dhoire a' Chasáin, istigh i gcuibhreann a bhí ag Simon Beag ( Ó Gallchóir).

## Sarah Mhícheáil



Ba Sarah an dara duine ab óige sa teaghlach. Rugadh í sa bhliain 1918. Phós sí Pát Ó Dochartaigh as an Ráith agus tá an bheirt acu beo beathach i gcónaí thoir i gCeann na

Leargaí. Beirt chlainne atá acu, sin Máire agus Finola.

## Óige Sarah.

Bhí corradh agus trí fichid páiste ag siúl as Dumhaigh go Scoil Dhoire a' Chasáin fán am a raibh Sarah ag dul na scoile. Dar ndóigh char chuir sé isteach nó amach orthu go raibh acu le siúl, chan macasamhail agus páistí an lae inniu! B'iomaí lá fuar fliuch

Geimhridh a rinne siad an turas agus is cinnte gur lom an píosa de bhealach a bhí acu le cur daofa idir Malaigh Bhidí agus Malaigh 'n Mhuilinn agus é go minic ag síobadh fearthainne isteach ó Bharr a' Chorráin. Nach minic a shroich siad teach na scoile agus iad ar maos fliuch agus gan deis ná dóigh acu len' iad fhéin a thriomú ná fáil chóir na tineadh áit a mbíodh an máistir ina sheasamh agus a thóin leis na haibhleoga!

Bhí cuimhne mhaith aici ar an lá a luigh siad amuigh ón scoil. Bhí cúigear nó seisear acu ann, muintir Mhícheáil agus muintir Enda. Mheas sí gur a dearthái John a bhí mar cheann urraidh orthu. D'imigh siad amach an cnoc, suas ar chúl tigh Dinis Doncaí ar an Bhaile Láir.Is dócha go mbeadh sé deacair ag cúigear nó seisear páiste imeacht amach an cnoc ag an Bhaile Láir ag an am sin den mhaidin agus ansin a bheith ag iarraidh iad fhéin a choinneáil i bhfolach gan duine inteacht iad a thabhairt faoi deara. D'fhan siad i bhfolach amuigh ar an chnoc agus choinnigh siad súil ghéar go dtí go bhfaca siad na páistí eile ag teacht 'na bhaile ón scoil, thug siad aghaidh ar an bhealach mhór ansin. Ach mar a dúirt Sarah, 'bhí ár gcroí amuigh ag dul 'na bhaile dúinn' agus leoga bhí an t-ábhar acu. Ar an drochuair dóbhtha bhí an scéala amuigh orthu agus bhí John Enda ag fanacht leofa ar Mhalaigh 'n Droma. Chan ródheas an fháilte a cuireadh rompu nuair a bhain siad an baile amach, fuair siad uilig an tslat.



Manas Mac Pháidín (Mánas Hughie Mhánais)

Bhí an máistir Dunleavy ansin nuair a chuaigh sí na scoile a chéaduair ach ba ar an Mháistír Mac Fhionnlaoich ba mhó a bhí a cuimhne. Ba ghnách leis na spéaclóirí a bhaint de agus iad a fhágáil ina shuí ar an 'mhantlepiece' sula dtosódh sé a úsáid an tslait. Chuireadh sé na gasúraí móra, leithéidí Manás Hughie, anonn bealach na habhna a ghearradh slatacha. Is iomaí léasadh a thug sé dóbhtha agus cha raibh idirdhealú ar bith déanta idir na gasúraí agus na girseachaí agus char spáráil sé an tslat ná na dornaí. Ba sin an saol.



Sophie Hughie Mhánais (Nic Pháidín) agus Pádraig Mhuintir Enda (an Sagart) i gcuideachta Nuala máthair Sarah.

Bhí sé coitianta go leor ag páistí laethanta a chailleadh ón scoil de thairbhe go mbíodh siad ar fostú cé nach raibh siad ag imeacht ar fostú comh hóg sin in am Sarah agus a bhíodh siad na blianta roimhe sin.

Má bhí slua mór ag siúl 'na scoile ag an am char chuimhin léithe go raibh mórán easaontais, titim amach, troid ná



Sarah ina hóige

achrann ar bith eatorra. Ach go díreach go raibh cuimhne aici ar lá amháin go dtug a deirfiúr Cití buille san aghaidh do Shéarlaí Bán. Char chuimhin léithe cad é thug uirthi a lámh a thógáil leis, 'bfhéidir' a dúirt sí, 'go raibh nóisean acu dá chéile'.

Ba ghnách leo tráthnónta go leor a chaitheamh thíos fán tráigh áit a mbíodh siad ag imirt cluichí agus ag bocléimnigh thart.Bhí dúil mhór acu a bheith ag fanacht leis na curaigh a bhíodh ag teacht i dtír, go háirithe dá mbíodh na fir ag iascaireacht gliomach, bhí fhios acu ansin go mbeadh ladhra portáin le fáil. Ritheadh siad 'na bhaile leis na ladhra portáin agus chaithfí na ladhra isteach i gcroí na tineadh agus ansin bhrisfí iad ar leacacha na cistine. Ba mhór an spraoi a bhíodh acu le seo.



Colceathair Sarah agus cara mór dá cuid a bhí in Nora Phádraig Den (Nic Laifeartaigh). Fuair sí bás i lár na gcaogadaí ag tabhairt linbh 'un tsaoil.

Cha raibh mórán cuimhne aici fhéin a bheith amuigh ar churach rómhinic ach go díreach go raibh lá amháin a deachaigh sí fhéin agus Nóra Phádraig Den ( Nic Laifeartaigh) agus iad ina leathghirseacha amach go Sleamhna le Micí Eoin sa churach, bhí cúpla caora ceangailte aige sa churach fosta agus bhí sé chun iad a chur i dtír ar Shleamhna. Seo an rud a dhéanfaí le caoirigh a bhí crosta agus deacair a smachtú, d'fhágfaí iad amuigh ar Shleamhna ar feadh tréimhse le 'múineadh' a chur orthu— cibé fá mhúineadh a chur orthu is cinnte nach mbeadh mórán acu le hithe ar Shleamhna. Níl mé ró-chinnte ar obair an cleas seo ach bhí seo coitianta ag an am.

**Cleasaíocht.**

D'aithneofá ó bheith ag caint le Sarah faoina hóige agus faoina saol nach raibh an chleasaíocht ná an rógaireacht i bhfad ar shiúl in aon am. Bhí sí fhéin agus Bella John Enda ( Níc Pháidín) i gcónaí breá mór lena chéile. Bhí seanchása fá theach Mhícheáil a raibh siad chun a chaitheamh amach agus shocraigh sí fhéin agus Bella go gcuirfeadh siad Máire Rua isteach sa chása, cha raibh aois mhór ag Máire Rua ag an am, agus go dtabharfadh siad an cása anonn chuig Ellen, máthair Bhella. Chuir siad Máire Rua sa chása agus d'iompar an bheirt acu an cása anonn tigh John Enda. D'fhiafraigh siad d'Ellen an mbeadh maitheas ar bith sa chása díthe mar go rabhas a chaitheamh amach.

Chuaigh Ellen síos ar a dá glúin leis an chása a scrúdú agus ansin d'oscail sí an cása agus nach milteanach an scanradh a fuair sí, Máire Rua ina luí sa chása amhail 's dá mbeadh sí ina luí marbh. Fuair sí an oiread sin de scanradh go bhfuil cuimhne ag Sarah ar an eachtra go dtí an lá inniu ann agus is cinnte go raibh Sarah i fhéin i gcónaí buartha ina dhiaidh sin faoin rud a rinne siad. Ach bhí siad ina ngirseacha óga agus char shíl siad a dhath de ag an am mar nach raibh ann ach giota cleasaíochta a bhí soineanta go leor.

## Cráifeacht agus Ómós don Eaglais.

Bhí an ghlúin seo de dhaoine a chuaigh romhainn iontach cráifeach agus bhí an-mheas acu don chreideamh agus don chléir. Deirfí an paidrín go dúthrachtach i ngach teach achan oíche agus dá rachfá isteach i dteach ina raibh an paidrín a rá ann chaithfeá a dhul ar do ghlúine go dtí go mbeadh an paidrín thart.

Bhí raidió acu tigh Mhícheáil luath go maith sa tsaol agus mar a thuigfeá ba ghnách leis na seanfhir uilig a bhí ar an bhaile bailiú isteach a éisteacht leis an raidió agus bhíodh siad uilig ina suí thart fán tine ag caitheamh a gcuid píopaí, ag éisteacht le cibé a bhíodh ar an Raidió agus ag tabhairt a mbarúlacha – Nonny, Hughie Aindí Hughie, Donchadh Jimí, John Enda, John Fhearghail agus tuilleadh nach iad. Is dócha gur an cruthú is fearr atá againn maidir le homós agus meas don Eaglais agus don chléir ná nuair a bheadh sagart ag caint ar an Raidió bhainfeadh na fir uilig daofa a gcuid bearád agus thitfeadh an chuideachta 'un ciúnais.

Sular tógadh an Teach Pobail thuas ag Gáinne ba ghnách an tAifreann a rá sna scoltacha anseo. Bheadh an tAifreann a léamh ar feadh sé mhí i Scoil Mhíobhaigh agus ansin ar feadh sé mhí eile i nDoire a' Chasáin. Dar ndóigh nuair nach raibh gléas taistil ar bith ag daoine, agus cha raibh mórán a raibh, ba de shiúl na gcos a rinneadh an turas 'un Aifrinn i gcónaí. Go díreach mar a bhí sé as Dumhaigh go Scoil Dhoire a' Chasáin cha raibh mórán foscaidh ar an bhealach as Dumhaigh go Scoil Mhíobhaigh ach oiread,thart bealach 'n Chorach, b'iomaí maidin Gheimhridh a mbíodh na clocha sneachta ag léimnigh de na cluasa. Ach níos measa ná sin ba chuimhin léithe sagart a bheith fán cheantar seo agus chomh luath agus a bhíodh sé gléasta in éideadh an Aifrinn théadh sé fhad leis an doras agus chuirfeadh sé an glas air. Muna mbeifeá ansin in am ní bhfaighfeá isteach. Dúirt sí gur iomaí créatúr a bhíodh i ndiaidh turas fada a chur daofa as Dumhaigh agus iad báite fliuch, a fágadh ina sheasamh taobh amuigh de dhoras na scoile, doras an Aifrinn.

## Lámh Throm na hEaglaise sa Phobal

Cé nach bhfuil ag Sarah go fóill ach ardmheas don Eaglais agus don chléir rinne sí cur síos ar chúpla eachtra a thaispeáin nach raibh an meas agus an t-omós a bhí ag an phobal don Eaglais a chleachtadh an bealach eile.Ba ghnách le hAifreann a bheith sna

tithe blianta ó shin, ba seo na 'stations' agus nuair a bheadh 'stations' ag daoine thosófaí ar ullmhúchán mór a dhéanamh do chuairt an tsagairt. Bhí cuimhne aici ar na 'stations' a bheith acu sa teach uair amháin agus fuair siad iasacht coinleoirí ó Mháire Frank, bean mhuintheartha dóbhtha. Bhí na coinleoirí ar dhéanamh vases agus bhí siad úr.Tháinig an sagart paróiste 'un tigh leis an Aifreann a léamh. Ar an chéad dul síos cha raibh sé ar a shásamh cibé dóigh a bhí an t-altór leagtha amach agus tharraing sé an t-éadach bán a bhí ar an altóir, dhóirt an t-uisce a bhí ar an tábla agus ina theannta sin thit ceann de na coinleoirí ar an urlár agus briseadh é.Bhí tuilleadh le theacht. Mar ba ghnách ag an am thiocfadh na comharsana uilig isteach 'un Aifrinn, go háirithe seandaoine nach raibh ábalta siúl 'un Aifrinn a thuilleadh. Duine acu seo ab ea Hughie Aindí Hughie ( Ó Gallchóir) agus cha raibh sé ábalta de thairbhe a chuid piantaí a dhul ar a ghlúine. Tugadh cathaoir do Hughie le suí air ach tharraing an sagart é den chathaoir agus chaith sé an chathaoir ar leataobh agus thug sé air seasacht. Cha deachaigh Hughie a chóir 'stations' ar bith fán cheantar ariamh ina dhiaidh sin, cha dtiocfaí a bheith ina dhiaidh sin air.Agus mar dhlaoi mullaigh ar scéal na 'stations' tharla sé go raibh cléireach leis an tsagart as Carraig Airt agus cibé a rinne an gasúr bocht as an chasán tarraingíodh buille trasna na haghaidhe airsean os coinne a raibh i láthair. Saol corrach!

## Faire ar an Bhaile.

Am ar bith a bhfaigheadh duine ar bith bás ar an bhaile bhí sé de nós nach ndéanfaí puinn oibre go mbeadh an marbhán san uaigh. Bhí cuimhne ag Sarah ar a deartháir John, Manás Eoin agus John Frank a bheith ag obair le móin agus turtóga amuigh ar an Chnoc Mhór. Bhí Brianaí Eoin Cheitsí ( Ó Frighil), a raibh cónaí air trasna ó theach Mhícheáil, ar leaba 'n bháis. Ba ghnách le duine de na gasúraí a theacht go barr an aird ar chúl a' tigh achan deich mbomaite agus scairteadh sé le bunadh an tí: 'Bhfuil sé marbh go fóill'? Bhí a fhios acu go mbeadh deireadh lena gcuid oibre dá bhfaigheadh Brianaí bocht bás.

Chaith cuid mhaith de na seanmhná i nDumhaigh an píopa, dar ndóigh is píopaí créafóige a bhíodh acu. Bhí na píopaí a d'úsáidtí ag an fhaire breá mór agus bhí sé de ghnás iad a chur thart ó dhuine go duine. Ba ghnách fear a bheith ag an fhaire a chaithfeadh a chuid ama ag gearradh agus ag spíonadh tobac le cur sna píopaí. I ndiaidh an tórraimh chuirfí na píopaí a chaithfí ag an fhaire síos sa talamh. Ba sin an gnás a bhí ag na daoine.


Mánas Eoin (Mac Giolla Chearra)

Sa tseanam nuair a bhíodh clann mhór fá theach chuirfí duine acu go minic le bheith tógtha i dteach na seanmhuintire, ( athair mór agus máthair mhór ). Sin mar a tharla do Mhánas Mac Pháidín nó Mánas Mhícheáil mar is fearr aithne air fán



Chéarlaí Mór (John Fheargail) Mac Pháidín 7 Sarah

cheantar seo. Rugadh Mánas thall ar an Ráith áit a raibh cónaí ar a athair agus a mháthair. Nuair a bhí sé ceithre nó cúig de bhlianta cuireadh go Dumhaigh é chuig an tseanmhuintir, John agus Nuala. Cha raibh sé i bhfad i nDumhaigh nuair a fuair Máire Mhór Frank ( Ní Bhuaidhe ) bás.Chonaic sé scaifte ban ag teacht isteach Bearna 'n Eallaigh agus seál orthu uilig.Chuir seo iontas an domhain air mar nach raibh seálta ar bith ar na mná fán Ráith, an t-aon dream a chonaic sé le seálta orthu ná lucht a' tsiúl ach bhí seálta a gcaitheamh ag na seanmhná uilig i nDumhaigh san am sin, seo sna daicheadaí.

## Iascaireacht i nDumhaigh.

Bhíodh currach fá achan teach i nDumhaigh agus bhí an iascaireacht mar pháirt mhór de shaol na ndaoine agus de thairbhe go raibh siad chomh cóngarach sin don fharraige bhí dlúthcheangal acu léi agus meas acu di. Ach sin agus eile bhí a cuid fhéin ag an fharraige. Bhí an t-iasc acu mar ábhar bidh agus lena chois sin nuair a bhí an t-iasc fairsing shaothraigh siad cúpla scilling.

Bhí sé de nós ag muintir Bhaile Láir a theacht go Dumhaigh a thógáil saíáin ag deireadh an Fhómhair, go háirithe oícheanta gealaí, John Dhonchaidh, Pádraig John Phadaí, Nead Mhicí Eoin agus go leor eile. Glasáin bheaga a bhí sna saíáin, ba ghnách leo iad a shailleadh agus a thriomú, de réir cosúlachta bhí siad iontach blasta. Is dócha gur 'delicacy' a bhéarfaí ar na héisc bheaga seo i saol an lae inniu! Thiocfadh na fir ón Bhaile Láir le hasail agus cléibh. Shiúlfadh siad amach go béal na toinne, bascáid agus eangach leo le greim a fháil ar na héisc seo.Bhí fear ar achan cheann den eangach. Bhíodh siad ag líonadh na gcliabh leis na saíáin agus ansin d'ímíodh siad amach arís.Nuair a bhíodh na cléibh lán bhéarfadh siad aghaidh ar an bhaile.Bhí seo ag dul ar aghaidh ar feadh na mblianta. Bhaist Manás Eoin 'Festival an Bhaile Láir' ar an iascaireacht seo!



Ag dul don fhéar - John Beag John Dhonchaidh, Chearlaí, Mhícheáil agus Madgie (bean Nochaí)

Dar ndóigh bhí Manás Eoin ( Mac Giolla Chearra) breá éirimiúil agus lán de ghreann agus é mar chineál de rúnaí ag muintir

Dhumha. Dá mbeadh litir le scríobh, foirm le líonadh nó iarratas de chineál ar bith le cur isteach bhéarfaí ruaig ar Mhanás. Nuair a fuair Muiris Bhidí bás agus é siar go maith i mblianta chuaigh John Beag (John Dhonchaidh) síos ag Manás le hinseacht dó go gcaithfí scéala a bháis a chur isteach ( níl muid cinnte cá háit nó cad chuige, b'fhéidir gur teastas báis a bhí a dhíth). Arsa Manás le John, ' Cén aois a chuirfidh mé síos do Mhuiris'? 'Níl fhios agamsa' arsa John Beag, 'ach uair ar bith ar fhiafraigh mise de cén aois a bhí sé dúirt sé go raibh sé 39'!

Ach comh maith le bheith éirimiúil bhí muintir Eoin géarchúiseach agus deisbhéalach ( witty) fosta.Bhí Micí Eoin, sin athair Mhánais ag teacht na bhaile as na Dúnaibh lá amháin agus é breá súgach agus b'fhéidir dhá thaobh an bhealaigh leis. Casadh bean Mhánais Hughie air píosa den bhealach amach as na Dúnaibh agus arsa sise leis, 'You have a long walk ahead of you to Dooey Micí' agus 'sé an freagra a fuair sí, 'It's not the length I'm worried about but the width'. Bhí sé teacht 'na bhaile lá eile fosta agus braon sa ghrágán. De thairbhe go raibh cúpla malaigh roimhe fuair Caitlín Mhicí Aindí asal agus fuair sí cuidiú Micí a chur trasna ar dhroim an asail. Tharraing siad ar Dhumhaigh agus is dócha go raibh cúpla duine nó dhó ar achan taobh den asal. Nuair a bhí siad ag teacht anuas Malaigh 'n Droma ag tarraingt ar an teach bhí Manás ina sheasamh ag tóin a' tí agus arsa seisean, ' Seo an Holy Family ag teacht anuas Malaigh 'n Droma'.

Bhí scaifte de mhuintir Dhumha thuas ar Mhianach Umha lá eile ag cur amach móna le hasail. Thosaigh sé ag stealladh báistí agus mhair sé ar feadh tréimhse fada. Bhí siad uilig 'na suí thart fán tine ag comhrá. Shocraigh Mánas Eoin go dtaispeánfadh sé dóbhtha an dóigh le hasal a leagaint.Chuir sé a dhá sciathán thart fá mhuinéal an asail agus thug buille díthe lena ghlún ach bhí an talamh iontach fliuch agus shleamhnaigh sé. Fágadh é istigh i gcroílár na tineadh agus an t-asal sa mhullach air !

Bhí am eile a deachaigh Cití Mhícheáil isteach 'na hotharlainne tráthnóna amháin. Maidin lá arna mhárach tháinig Mánas Eoin anuas tigh Mhícheáil. Bhi John agus Máinigh ansin agus rinneadh comhrá faoi achan rud faoin spéir ach cha raibh iomrá ar bith fá Chití a bheith ar shiúl 'na hotharlainne agus bhí leisc ar Mhanás tagairt ar bith a dhéanamh de. Ach bhí bean de na comharsan ina sheasamh ar an bhealach mhór ar shiúl ón teach agus nuair a chonaic sí Manás ag dul isteach tigh Mhícheáil d'fhan sí thart go bhfeicfeadh sí cad é an scéal a bhí fá Chití. D'fhág Mánas tigh Mhícheáil agus ag dul an bealach dó arsa sise leis: 'Manus, what's the news on Cití Mhícheáil to-day'. 'Lorda' arsa Mánas, ' They're issuing no bulletins to-day'.

## Lucht a' tSiúl

Le linn de Sarah a bheith ag éirí aníos ba ghnách le lucht a'tsiúil a bheith thart go rialta, bhí leasainmneacha ar chuid acu, agus dar ndóigh bhíodh scéalta agus nuacht leofa ó cheantracha eile agus cuireadh fáilte roimh chuid acu. Bhí Slither About,

Lovely Paddy, Frank Long, Frank Mc Cool, O Malley, Donegan, Larry na nUihbeacha, Eoin Symie, Fear na bPócaí Móra, Fear na mBallads agus tuilleadh. Char bhain siad seo uilig le lucht a' tsiúl ach bhí aithne mhaith orthu fán cheantar. Bhí cuid den dream a thiocfadh thart a raibh lámh mhaith acu ar dhéanamh earraí stáin, go háirithe muintir Eoin Symie, agus baineadh úsáid mhór as an channa stáin agus as an phandaí stáin fá na tithe. Bhí cuid eile acu a bhíodh ag cuartú déirce – gráinín ime, bainne, aráin nó a leithéidí agus cé nach raibh ag daoine san am ach an beagán char ligeadh mórán de lucht a' tsiúl ó dhoras gan gráinín de rud inteacht a rann leofa. Bhí na daoine carthannach agus trócaireach. Agus lena chois sin ba mhinic a fuair cuid de lucht a' tsiúl codladh na hoíche i dtithe, iad 'na luí ar shráideog i gclúdaigh inteacht.

## Báthadh i nDumhaigh.

Bádh beirt fhear i nDumhaigh a bhí muinteartha do Sarah, uncail díthe ar thaobh a máthrach, John Chonchúr Ruaidh ( Ó Dubhaigh) as Baile 'n tSléibhe agus Den Phádraig Den ( Mac Laifeartaigh) colceathair di ar thaobh a máthrach fosta agus fear a bhí ina nia (nephew) ag John Chonchúr Ruaidh. Chuaigh John Chonchúr Ruaidh go Dumhaigh tráthnóna Fómhair amháin lena shlat iascaireachta agus d'imigh sé anonn ar na carraigeacha os comhair Tigh Phádraig Den agus chaith sé amach a líne. Dar ndóigh char cuireadh sonrú ar bith anseo ná ba ghnách scaiftí daoine a bheith fá na carraigeachta ag iascaireacht na blianta sin, thiocfaí mórán iasc a fháil leis na duáin ag an am sin mar go raibh na farraigí thart orainn ag cur thar maoil le héisc, chan amhlaidh agua an lá tá inniu ann. Nuair nach raibh iomrá ar bith ar John a bheith fán bhaile maidin lá arna mhárach d'fhág a athair Baile 'n tSléibhe agus thug sé aghaidh ar Dhumhaigh. Bhí a iníon Nuala, sin máthair Sarah ag déanamh leapacha sa tseomra agus nuair a d'amharc sí thart bhí a hathair ina sheasamh ansin. 'Caithfidhse go bhfuil John caillte' ar seisean 'nuair nach dtáinig sé 'na bhaile' D'imigh sé leis ansin síos tigh Phádraig Den áit a raibh iníon eile de pósta, sin Sorcha. Thosaigh an cuardach agus ar shiúl le scaifte anonn fríd na carraigeacha agus cad é tchíonn siad ach an tslat iascaireachta ag luascadh sna tonnta. Thángas ar an chorp tamall ina dhiaidh sin.



Trasna ar na carraigeacha seo i nDumhaigh a bádh John Chonchúr Rua agus é ag iascaireacht.



Sa chaolas seo idir Pointe Dhumhcha agus an charraig atá taobh amuigh de a bádh Den Phádraig Den.

**Den Phádraig Den**

I bhFómhar na bliana 1932 a cailleadh Den Phádraig Den. I ndiaidh tréimhse gaoithe móire d'imigh sé fhéin agus a dheartháir John Ruaidh amach go bhfeicfeadh siad an raibh scrios ar bith déanta ag an ghaoth mhór dá gcuid potaí gliomach. Ar an bhealach isteach ag Pointe Dhumhcha thiontaigh 'n curach agus caitheadh an bheirt acu san fharraige ach d'éirígh leo greim a choinnéail, John ar na rámhaí agus Den ar an churach. Bhí tarrtháil ar an bhealach, Dowdy agus Micí Eoin ach sular shroich siad an bheirt dheartháir b'éigean do Den a ghreim ar an churach a scaoileadh agus bádh é.

Bhí Sorcha, máthair na bhfear agus a deirfiúr Nuala ina seasamh ar an ard ag amharc ar an tarrtháil mar a bhí scaifte daoine eile. Nuair a thug Dowdy agus Micí Eoin aghaidh ar an chladach i ndiaidh na tarrthála thiontaigh Sorcha chuig Nuala agus arsa sise, 'Cha deachaigh ach duine amháin isteach sa churach'. Bhí a fhios aici ag an phointe sin go raibh duine de na mic caillte. Nuair a tháinig an curach 'na chladaigh bhí John Ruaidh bocht i ndroch dhóigh agus cha raibh a dhath as a bhéal ach: 'Mise a d'fhág Den báite'. D'imigh John Ruaidh go hAlbain agus cha dearn sé a dhath maith ní ba mhó, chuir an tubaiste isteach go mór air le linn a shaoil. Deich lá i ndiaidh a chailleadh d'éirigh an corp i mbáighe Thrá na Rossann. Bhí Den dhá bhliain déag agus fiche. Cha raibh Sarah fá bhaile an lá a bádh Den, bhí sí amuigh i gCnoc na Marbh ag a cara Cití Carr, ( Cití Shéarlaí Carey). Tá cuimhne mhaith aici ar Mháire Mhór a theacht isteach i ndiaidh di a bheith ag siopadóireacht thíos tigh Aindí Hughie i nDumhaigh. D'fhiafraigh Charlie Carey díthe an raibh a dhath úr fá Dhumhaigh agus 'sé an freagra a fuair sé ná, 'Is daor a

cheannaigh siad Dumhaigh inniu'. Char lig sí a dhath uirthi fhéin cé a bádh de thairbhe go raibh Sarah ansin

## Sarah agus Pat.





Bhí Pat, fear céile Sarah, ag obair don Chomhairle Contae ar an chrusher agus bhí siad ag obair ar feadh tréimhse fada fán cheantar. Ba seo an dóigh a chur Sarah aithne air i dtús báire agus thit sí i ngrá leis. Ba chniotálaí den scoth a bhí i Sarah agus bhí cuid mhór geansaithe de dhéanamh 'fair isle' a chniotáil aici do shiopa Aindí Speer i gCarraig Airt agus do shiopa Joe Boyce sna Dúnaibh. Bhí Máire Rua ag dul 'na bhaile ón scoil lá amháin i dtrátha an ama seo. Bhí sí ag siúl thart leis an chrusher thart fá mhalaigh Bhidí agus labhair Pat léithe ach cha raibh fhios ag Máire cé bhí ann, ach d'aithin sí go raibh geansaí de chuid Sarah air, ceann den déanamh 'Fair Isle'. Nuair a bhain sí an baile amach cuireadh ceist uirthi, mar a chuirtí san am, ar casadh duine ar bith díthe ar an bhealach 'na bhaile nó an raibh a dhath úr ar an scoil . 'Cha raibh' arsa Máire 'ach go bhfaca mé Aindí Speer ar mhalaigh Bhidí' ' Cén dóigh a mbeadh fhios agatsa gur Aindí Speer a bhí ann' arsa a máthair mhór, 'níl aithne ar bith agatsa ar Aindí Speer'. 'Níl' arsa Máire Rua 'ach chonaic mé go raibh geansaí de chuid Sarah air agus chan Joe Boyce a bhí ann, caithfidhse gur Aindí Speer a bhí ann'. Cha raibh fhios acu sa teach ag an am go raibh Sarah agus Pat ag siúl amach le chéile. Choinnigh Sarah socair.

Bhí Sarah iontach cairdiúil lena comharsan agus a colceathair a raibh cónaí uirthi trasna an bhealaigh, ba sin Bella John Enda. D'fhiafraigh sí de Bhella lá amháin cé na fir a bhí ar an 'chrusher', 'níl ar an chrusher ach dhá sheanduine' arsa Bella. Ansin am ar bith ina dhiaidh sin a gcuirfeadh sí an cheist chéanna deireadh Bella léi, 'an dá sheanduine chéanna'. Dar ndóigh cha raibh fhios ag Bella ag an am go raibh Sarah ag siúl amach le Pat, choinnigh sí a rún aici fhéin.

## Lá na Bainise.

Pósadh Sarah agus Pat sa Teach Pobail i gCarraig Airt ar an 30ú lá de mhí na Nollag 1952. Bhí an bricfeasta acu sa North Star i gCarraig Airt. A cara Bella a sheas léi mar fhianaise. Bhí cuimhne aici ar an bhricfeasta sa North Star, mar go raibh ceoltóir den scoth ansin as Tullach, fear a raibh Mandaí Neans (Ó Gallchóir) air. Dar ndóigh bhí clú ar Mhandaí Neans mar cheoltóir de thairbhe gur bhain sé an Corn i gcomórtas ceoil ag Feis Leitir Ceanainn trí bliana as a chéile. Cibé ar bith thit sé i ngrá le Máire Nonny ag bainis Sarah! Nuair a



Sarah, Pat agus a gclann Nuala agus Finola.

socraíodh go raibh an t-am ann slán a fhágáil ag Carraig Airt agus aghaidh a thabhairt ar Dhumhaigh d'fhógair Mandaí Neans go raibh seisean chun a dhul go Dumhaigh fosta. Ach sular imigh seisean chuaigh sé isteach tigh Joe Phaidí Ruaidhrí, ( Mac Laifeartaigh) an búistéir, agus cheannaigh sé píosa feola, ar shiúl leis ar a rothar ansin agus a aghaidh ar theach na bainise i nDumhaigh. Bhí lá mór acu uilig ag an bhainis, dar ndóigh, a muintir fhéin agus muintir Phat agus ansin na comharsana uilig as Dumhaigh, lá mór ceoil agus óil. Nuair a bhí an ceiliúradh uilig thart agus daoine ag imeacht leo'na bhaile caitheadh ólachán ar bith a bhí ar thóin na ngloiní isteach i gcúpla seanbhuicéad a bhí fán teach. Ach ar maidin lá arna mhárach nuair a bhí máthair Sarah ag líonadh na mbuicéad le bainne a thabhairt do na gamhna cha dtug sí faoi deara go raibh cuid den ólachán a bhí fágtha thart ó lá na bainise ar thóin na mbuicéad. Cuireadh amach an gháir go raibh cuid gamhna mhuintir Mhícheáil ólta i ndiaidh lá na bainise. Oíche na bainise fosta shocraigh Mandaí Neans go ndéanfadh sé Máire Nonny a thionlacan 'na bhaile go dtí an Corrach. D'fhág sé a rothar abhus ar thaobh an bhealaigh ar an Chorrach agus shiúil sé Máire Nonny síos a fhad le tigh Nonny ach nuair a tháinig sé ar ais go dtí'n rothar bhí an fheoil, a cheannaigh sé tigh Joe Phaidí Ruaidhrí níos luaithe sa lá agus a bhí ceangailte aige den rothar, goidte. Bhí dinnéar mór feola áit inteacht i nDumhaigh nó ar an Chorrach an lá ina dhiaidh sin!



Pat, Sarah agus na páistí ar saoire ar an Ráith.

Chaith Sarah agus Pat páirt mhaith dá saol i Londain áit ar thóg siad beirt chlainne, Nuala agus Máire. Nuair a tháinig deireadh lena saol oibre thall thug siad aghaidh ar an bhaile arís sa bhliain 1985 agus cheannaigh siad teach i gCeann na Leargaí. Tá an bheirt acu go sona sásta agus i mbarr a sláinte i gcónaí i gCeann na Leargaí. Sa bhliain 2012 rinne siad

ceiliúradh trí  fichead bliain ar lá a bpósta. Mar ba dual dá muintir tá Sarah ag tabhairt saol fada léi, is í an duine deireanach den chlann atá fágtha agus í dhá bhliain ón chéad. Agus níl caill ar Phat é fhéin ach oiread, é na cúig bliana déag agus ceithre scór. Tá an bheirt acu ag fáil aire mhaith ina dteach fhéin áit a bhfuil a iníon Nuala ag amharc ina ndiaidh go maith.

Cuireann Sarah agus Pat fáilte mhór roimh chuideachta, tá credeamh láidir acu, iad lán scéalta, agus féith an ghrinn go smior i Sarah. Gura fada buan an saol atá rompu agus go bhfeicfidh siad an céad agus tuilleadh.



Ar a sáimhín só ina dteach i gCeann na Leargaí

# Scéal ó Cheim Aniar

Beidh Céim Aniar ag reáchtáil oíche Ghaelach - ceol & drámaíocht in Óstan na Trá go luath sa bhliain Ur. Dráma goirid leathuaire le Niall Mac Eamharcaigh a bheas a chuir i lathair ag aisteoirí Mhíobhaigh. Seo dráma grinn faoi Éirí Amach na Casca 1916. Lena chois sin beidh scoth an cheoil ó cheoltóirí áitiúla agus ón taobh amuigh. Níl an dáta socraithe i gceart go fóill. Bhéarfaidh muid an t-eolas sin daobh nuair a bheas sé againn.

Ina dhiaidh sin beidh aisteoirí Mhíobhaigh ag cuir tús lena gcleachtadh ar dhráma úrscríofa eile le Francie, “Cruthaíonn Bréag Bréaga”.

Beidh na h-imeachtaí i ndiaidh am scoile ag toiseacht arís do na páistí ag an Luan an 16ú Eanair

# Bó a raibh Gaeilge aici



Seo cuntas ar chás a tháinig os comhair na cúirte ar an tSrath Bán fá úinéireacht bearaigh a tógadh ar an Mhuirleog. Socraíodh an cás sa deireadh i gcúirt ar an Ómaigh sa bhliain 1956.

Seo mar a tharla an scéal. Dhíol Donie Mac Giolla Bhríde( Den Jack) bearach le Aindí Phádraig as Carraig Airt i mí Márta na bliana sin. Bhí an bearach trí bliana d'aois. Chuaigh Aindí ansin go haonach Bhaile na nGallóglach leis an bhearach agus dhíol sé í le William Black, ceannaí bó as Coolermoney atá in aice leis an tSrath Bán.

Fear maith gnó a bhí i William Black. Cé go raibh cónaí air sa Tuaisceart, mar a dúirt sé sa chúirt bhí 'Éire business' aige fosta. Bhí talamh glactha ar cíos cois na Finne aige i mbaile fearainn Ballybogan in aice le Leifear. Dúradh sa chúirt go raibh an talamh seo mar ' Land Frontier' le hÉirinn. Mar a dúirt mé cheana féin tá muid ag caint ar an bhliain 1956 agus is féidir léargas a fháil ar an meon a bhí ann maidir leis an teorainn. Ba go dtí an 'Land Frontier' seo a thug Black an bearach a cheannaigh sé ar an aonach. Bhí Samhradh breá te tirim acu an bhliain sin agus tharla leibhéal uisce abhainn na Finne a bheith breá íséal i rith an tSamhraidh. Is cosúil go raibh an bearach seo fiosrach, siúlach agus eolach agus nach bea sin an rud a bheifeá ag súil uaidh bhearach a tógadh ar an Mhuirleog!! Cé acu an féar nó an chuideachta

a mheall í d'éirigh léi a dhul trasna na habhann. Nuair a chuaigh Black ar a lorg arís ag tús Mheán Fómhair ba ansin a fuair sé í. Chuir sé an tóir uirthi arís trasna an ' Land Frontier' ( an ahbainn).

Ag deireadh Mheán Fómhair chuaigh sé go dtí an margadh eallaigh ar an tSrath Bán agus ba deacair dó creidbheáil an rud a chonaic sé lena dhá shúil. Bhí a bhearach fhéin a dhíol ansin ag duine eile. Cinnte rinneadh iarracht rud beag smideadh a chur uirthi! Bhí adharc amháin caillte, bhí fáinne cluaise aici agus rinneadh iarracht an 'v' marc a bhí bearrtha aige ar dheireadh an bhearaigh a chur i bhfolach.

Bhí an cás cúirte casta mar a bheifeá ag dréim leis agus cuireadh scairt ar Aindí agus ar Donie le fianaise a thabhairt. Dúirt Aindí gur dhíol sé an bearach seo le Black i mí Meithimh agus níos moille sa bhliain go deachaigh sé fhéin in éineacht leis na póilíní agus gur aithin sé an bearach seo mar an ceann céanna a dhíol sé le Black.

Fianaise Donie.

Nuair a chuaigh Donie isteach i mbosca na fianaise ba i mBéarla a labhraíodh leis. Seo mar a chuaigh an scéal.

Denis Mc Bride, Downings, said that in March of last year he sold a heifear to Mc Fadden. ( Aindí Phádraig) and at that time it was around three years old. He came to Strabane last October and went up to and spoke to the heifer and it came to him. It knew his voice.

Mr. Simms (dlíodóir): What language did you speak to it in?

Donie: in Irish.

Breitheamh: Was it more familiar with that than with English?

Donie: It is generally Irish we speak down there (i Ros Goill)

Simms: You always spoke to it in Irish at home?

Donie: Yes, since it was a calf.

Simms: Are you satisfied it knew you?

Donie: I expect it did, it came up alongside me.

Agus é ag tabhairt freagra ar thuilleadh ceisteanna dúirt sé gur Polly an t-ainm a bhí ar an bhearach agus gur Betty, Maggie agus Peggy a bhí ar an chuid eile.

Breitheamh: Would they know their own names?

Donie: Yes, when we call them they come. We generally talk to them all in Irish.

Asked if the names were translated into Irish, witness said they were, and gave a demonstration of the Irish terms used towards the animals.

Breitheamh: Would they know one name from another?

Donie: They would.

Tá sé measartha soiléir nach raibh an fhocal Gaeilge ag an bhreitheamh ná ag an dlíodóir Simms, níos mó Gaeilge ag an bhearach creidim! 'Sé mo thuairim fosta nach mbeadh an tuigbheáil acu ná fiú amháin ag mórchuid den mhuintir atá ina gcónaí i Ros Goill inniu gur Gaeilge an gnáth theanga a bhí ag na daoine sa bhliain 1956. Sin an teanga a labhraíodh sa teach, leis an mhadadh agus leis an eallach.

Socraíodh an cás cúirte sa deireadh ar an Ómaigh agus bhí an lá le Black agus an bhó a raibh Geilge aici.



Rugadh Donie Mac Giolla Bhríde (Donie Den Jack) i mí na Bealtaine 1904 agus fuair sé bás i mí Feabhra 1985. Bhí cuimhne mhaith ag a mhac Danny, a bhfuil cónaí air ar an Mhuirleog, ar an scéal faoin bhearach. Bhí aithne mhaith ag Donie ar an bhearach seo mar gur chaill sí gamhain agus choinnigh sé í ní b'fhaide ná mar bhí sé ag súil. Ba mhinic a chuala Danny a athair ag rá gur rith an bearach chuige thuas i Leifear chomh luath agus a labhair sé léithe. Mheas Donie fosta go ndearna na dlíodóirí iarracht é a chur ar seachrán mar gur glaodh ar ais air go bosca na fianaise cúpla uair le go bhfeicfeadh siad an mbeadh athrú ar aon chuid dá chuid fianaise. Ach cha raibh amhras ar bith ar Donie agus é faoi mhionna gurb a bhearach a bhí ann.

# Féile Chéim Aniar 2016

Ghlac 111 páiste páirt i gComórtas Aithris Filíochta Chéim Aniar a bhí ar siúl Dé Sathairn, 3 Nollaig, in Áras Ros Goill, Na Dúnaibh. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na moltóirí, Marie Nic Mhongail agus Noel Ó Gallchóir agus le Meitheal Mhíobhaigh as an fhoirgneamh a chur ar fáil dúinn don lá. Tá moladh mór tuilte fosta ag na páistí uilig a ghlac páirt agus ag a dtuismitheoirí agus a múinteoirí a chuidigh leo fáil réidh don chomórtas. Seo thíos na buaiteoirí sna rannóga éagsúla:



**Naíonáin Bheaga**

Katie Nic Giolla Bhríde, Céim Aniar (an chéad áit - Corn an Síbín ceoil), Róisín Breathnach, Caiseal (An dara háit) aus Danielle Ní Fhríl, Caiseal & Emma Nic Aoidh, Glasán (An tríú háit roinnte).



**Naíonáin Mhóra**

Cian Mac Suibhne, Céim Aniar( an chéad áit - Corn Leaslaoi U. Lúcas), Máire Ní Fhríl, Caiseal (An dara háit), Donagh Ó Dochartaigh, Cill Mhic n-Éanain, agus Rónan Ó Dohartaigh, Glasán (An tríú háit roinnte).



**Rang 1**

Clíodhna Ní Chonaill, Céim Aniar (an chéad áit - Corn Óstán na Trá), Treasa Níc Eitigáin ,Droim Eochaill (An dara háit), Cormac Mac Suibhne, Cill Mhic nÉanáin, Caitlín Ní Fhríl , Caiseal agus Ayda Nic Phaidín, Cill Mhic nÉanáin (An tríú háit roinnte).



**Rang 2**

Seán Ó Ceanainn, Cill Mhic nÉanáin (an chéad áit), Roisín Ní Fhíoruisce, Glasán (An dara háit), Eoin Bamforth , Céim Aniar & Ava Ní Chonchúr, Céim Aniar (An tríú háit roinnte) agus Brendán Ó Cuinnegán, Cill Mhic nÉanáin (Duais Speisialta) le moltar, Marie Nic Mhongail.



**Rang 3**

Óisín Ó Muiris, Cill Mhic nÉanáin (An Chéad áit - Corn Óstán Bhá na nDúnaibh), Leah De Róiste, Caiseal (An dara háit), Nathan Ó Gráinne, Cill Mhic nÉanáin, Aoibhe Ní Chuinn, Cill Mhic nÉanáin & Sinéad De Brún, Glasán ( An tríú háit roinnte).



**Rang 4**

Colm Ó Dohartaigh, Glasán (An chéad áit - Corn Raidió Na Gaeltachta), Máire Ní Chenáin, Cill Mhic nÉanáin (An dara háit), Áine Ní Chonaill,Céim Aniar & Racel Ní Fhríl, Caiseal (An tríú háit roinnte)



**Rang 5**

Lauren Ní Dhochartaigh, Cill Mhic nÉanáin (An chéad áit - Corn Ros na Binne), Pádraig Ó Dochartaigh, Glasán (an dara háit), Rónán Pasoma, Céim Aniar & Ciara Dé Brún, Glasán (an tríú háit roinnte), le moltar Noel Ó Gallchóir.



**Rang 6**

Aoibhinn Ní Chonaill, Ceim Aniar(An chéad áit -Corn Ghuth Ghoill), Tomás Ó Canáin, Cill Mhic nÉanáin (An dara háit), Aobha Pasoma, Céim Aniar, Róisín Nic Suibhne, Cill Mhic nÉanáin & Fodhla Ní Fhearaigh, Cill Mhic nÉanáin (An tríú háit roinnte), le moltar Noel Ó Gallchóir.



**An t-iomaitheoir áitiúla is fearr:**

Aoibhinn Ní Chonaill

# Teacht Chríost

Do ghlanas mo chroí anocht
Amhail mhnaoi do ghlanfadh a teach
Riomh theacht dá leannán dá fios:
A leannáin ná téirigh thart!

Do leathas doras mo chroí
Amhail fhear do-ghéanadh fleadh
Ar theacht i gcéin da mhac:
A Mhic, is álainn do theacht!



-Pádraig Mac Piarais

Údarás na Gaeltachta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com